

# Measúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1)

## Amlíne an Scoláire

### Roimh MRB 1



Is í úsáid leanúnach agus rialta na teanga atá á foghlaim agat an t-ullmhúchán is fearr don Tasc Cumarsáide ó Bhéal. Déan cinnte go nglacann tú páirt ghníomhach sa rang go minic..

### Le linn MRB 1



Roghnóidh tú topaic agus formáid (cur i láthair, rólimirt, agallamh nó comhrá mar fhreagra ar spreagthach).

Cuirfidh tú d'obair os comhair an ranga, ar feadh 3 nó 4 nóiméad. Cuirfidh do mhúinteoir ceisteanna simplí neamhullmhaithe ort le linn an ama sin.

### I ndiaidh MRB 1



Líonfaidh tú isteach Nóta Machnaimh aonair ag míniú an ról a bhí agat agus do mhachnamh pearsanta ar an bpróiseas san áireamh (Rud amháin tábhachtach a d'fhoghlaim mé tríd an Tasc a dhéanamh / Rudaí a d'athróinn nó a dhéanfainn iarracht a fheabhsú). Tabharfaidh tú é sin do do mhúinteoir.